

Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2026-2028

Achoimre



Fíor 1: [Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2026-2028](#)

Is é an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair ionstraim chlársceidealaithe chorparáideach Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) agus feidhmíonn sé mar chinneadh maoiniúcháin le haghaidh ghníomhaíochtaí oibríochtúla na Gníomhaireachta. Leagtar amach ann pleanáil ilbhliantúil agus bhliantúil na Gníomhaireachta maidir le gníomhaíochtaí agus acmhainní, lena n-áirithítear comhleanúnachas idir cuspóirí straitéiseacha, gníomhaíochtaí oibríochtúla agus leithdháileadh acmhainní.

D'fhormheas an Bord Bainistíochta Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2026-2028 an 30 Meán Fómhair 2025. Le linn na clárthréimhse, tabharfaidh an Gníomhaireacht tús áite do chur chun feidhme éifeachtach an Chomhshocráithe maidir le himirce agus Tearmann ('an Comhshocrú') agus do chur i gcrích a sainordaithe faireacháin, agus ag an am céanna

coinneoidh sí an tsolúbthacht is gá chun freagairt do threochtaí imirce atá ag teacht chun cinn agus do ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann a bhféadfadh coigeartuithe ar tháirgí insoláthartha oibríochtúla agus ar phleanáil airgeadais a bheith ag teastáil ina leith.

Comhthéacs straitéiseach

Forbraítear an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2026-2028 i gcomhthéacs brúnna imirceacha leanúnacha agus riachtanais tearmainn atá ag athrú ar fud na mBallstát. D'ainneoin dul chun cinn maidir le Comhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS) a fhorbairt, tá neamhionannais shuntasacha fós ann idir na Ballstáit ó thaobh cur chuige nós imeachta, rátaí aitheantais, na cineálacha cosanta a dheonófar, agus dálaí glactha. Tá baint ag na difríochtaí sin le gluaiseachtaí tánaisteacha agus baineann siad an bonn den chuspóir a áirithiú go gcaithfear go haonfhoirmeach le hiarratasóirí ar fud an Aontais.

Leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, féachtar le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin trí ullmhacht a threisiú, trí fheabhas a chur ar an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna agus trí chothromaíocht níos éifeachtaí a bhaint amach idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht. De réir mar a thiocfaidh a ionstraimí reachtacha chun bheith infheidhme ó mhí an Mheithimh 2026 ar aghaidh, neartófar leis an gComhshocrú de réir a chéile ról na Gníomhaireachta maidir le tacú le CEAS atá ag feidhmiú go maith. Dá bhrí sin, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú breise ar ualach oibre EUAA, a bhfuil méadú tagtha air cheana féin tar éis ghlacadh an Chomhshocraithe, ar fud a ghníomhaíochtaí buana agus oibríochtúla araon.

Sa chomhthéacs seo, thángthas ar chomhaontú i mí Feabhra 2024 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021–2027, lena n-áirítear EUR 190 milliún breise don EUAA go dtí 2027. Tá sé beartaithe leis an méadú sin é a chur ar a cumas don Gníomhaireacht tacú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe.

Plean gníomhaíochta agus tosaíochtaí 2026-2028



Fíor 2: [Straitéis EUAA 2024-2029](#)

Tá an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair ar aon dul le tosaíochtaí beartais 2024-2029 an Choimisiúin Eorpaigh i réimse na himirce agus an tearmainn, ag cinntiú comhsheasmhachta le cuspóirí níos leithne an Aontais. Bunaithe ar Straitéis EUAA 2024-2029, sainítear sa chlár oibre ilbhliantúil cuspóirí na Gníomhaireachta i gceithre phríomhréimse gníomhaíochta: tacaíocht oibríochtúil, oiliúint agus forbairt ghairmiúil, eolas ar thearmann, agus gníomhaíochtaí cothrománacha. Bunaítear leis seacht gculpóir straitéiseacha don tréimhse 2026-2028.

Le clár oibre bliantúil 2026, aistrítear na cuspóirí straitéiseacha sin ina gculpóirí agus ina spriocanna bliantúla nithiúla, atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí nithiúla agus atá ailínithe leis na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil.

Cúnamh oibríochtúil agus teicniúil



Fíor 3: Tacaíocht oibríochtúil EUAA in Lampedusa

Le glacadh na dtograí reachtacha faoin gComhshocrú, meastar go gcoinneoidh an Ghníomhaireacht láithreach oibríochtúil shubstaintiúil ar bun agus, an tráth céanna, go leathnóidh sí raon feidhme a cúraimí laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.

Leanfar de [chúnamh oibríochtúil agus teicniúil](#) a sholáthar do na Ballstáit trí [phleananna oibríochtúla ilbhliantúla agus gearrthéarmacha](#), chomh maith le pleananna tionscadail sonracha.

Leanfaidh an tacaíocht de bheith solúbtha agus freagrúil do threochtaí imirce atá a athrú, do riachtanais atá ag teacht chun cinn agus do chomhthéacsanna oibríochtúla. Treorófar leanúnas na dtacaíochta atá ann cheana, chomh maith le seoladh idirghabhálacha nua, le *próiseas láidir tosaíochta*, agus práinn, an tionchar a mheastar a bheidh ann, breisluach an Aontais, infheidhmitheacht na n-idirghabhálacha, agus na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil ag an nGníomhaireacht á gcur san áireamh. Ina theannta sin, déanfar tuilleadh coigeartaithe ar chumais oibríochtúla chun cur ar chumas EUAA a chuid oibleagáidí nua faoin gComhshocrú a chomhlíonadh.

Cuirfear modheolaíochtaí dearbhaithe cáilíochta, uirlisí oibríochtúla agus nósanna imeachta comhchuimsithe i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus déanfar dea-chleachtais a mhalartú agus an phleanáil teagmhasach a ailíniú tuilleadh ar fud na mBallstát trí mhodheolaíocht choiteann. Neartófar creataí bainistithe imscartha chun idirghabhálacha tapa in-scálaithe a chumasú, agus cuirfear sásra chun feidhme ar fud na n-oibríochtaí chun measúnú a dhéanamh ar shárúithe tromchúiseacha nó leanúnacha líomhnaithe ar chearta bunúsacha agus ar oibleagáidí cosanta idirnáisiúnta, tuairisciú a dhéanamh orthu agus iad a ghéarú. Ionchorprófar i ngach idirghabháil straitéisí scoir atá dírithe ar acmhainneachtaí náisiúnta a threisiú agus ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht a hacmhainneacht chéadfheagartha a chomhdhlúthú a thuilleadh trí fheidhmeanna tacaíochta a neartú, pleanáil ullmhachta a fheabhsú agus oibríochtaí a dhearadh laistigh de chreat comhaontaithe atá bunaithe ar mheasúnuithe córasacha ar riachtanais agus ar phróisis tosaíochta struchtúrtha. Leanfar le himscarthaí trí shásraí seanbhunaithe, lena n-áirítear saineolaithe seachtracha a shlógadh, agus tacófar leo le huirlisí bainistíochta tionscadal, córais faireacháin feidhmíochta, dlúth-chomhordú le pointí teagmhála náisiúnta agus treoir oibríochtúil shoiléir. Féadfar imscaradh foirne tacaíochta don bhainistiú imirce a áireamh sa tacaíocht oibríochtúil


freisin, mar aon le bonneagar amhail trealamh, oifigí sealadacha, saoráidí agus seirbhísí riachtanacha a sholáthar nó a chomhlánú, lena n-áirítear ateangaireacht, idirghabháil chultúrtha agus iompar.

Ag teacht le creat an Chomhshocraithe, tacóidh EUAA le cur i bhfeidhm an sásra buan-athlonnaithe agus le bearta dlúthpháirtíochta eile, i gcomhordú le Comhordaitheoir dlúthpháirtíocht an Aontais. Tabharfar tús áite do na Ballstáit a bhfuil brú neamhchomhréireach orthu ag teorainneacha seachtracha an Aontais agus dóibh sin a bhfuil dúshláin shuntasacha acu a bhaineann le gluaiseachtaí tánaisteacha. Leanfaidh an Ghníomhaireacht freisin de thacaíocht a thabhairt do thíortha an Aontais+ cláir athlonnaithe agus ligean isteach daonnúil a chur chun feidhme agus a chomhordú tríd an Líonra um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil, cúnamh oibríochtúil saincheaptha, an tsaoráid tacaíochta athlonnaithe sa Tuirc agus tríú tíortha ábhartha eile, chomh maith le tacaíocht d'urraíocht phobail agus do chonairí comhlántacha.

Oiliúint agus forbairt ghairmiúil

Tá oiliúint agus forbairt ghairmiúil ríthábhachtach chun córais tearmainn agus ghlactha a neartú ar fud an Aontais agus chun cóineasú níos fearr i gcleachtais náisiúnta a chur chun cinn. I gcomhréir lena sainordú, leanfaidh an Ghníomhaireacht d'oiliúint ardcháilíochta a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar d'fhoireann EUAA agus d'fhoireann riaracháin náisiúnta, cúirteanna agus binsí, agus d'údaráis náisiúnta atá freagrach as tearmann agus glacadh.

Trí oibriú go dlúth le sainchomhlachtaí ábhartha, déanfaidh an Ghníomhaireacht tuilleadh forbartha ar an gCuraclam Eorpach Tearmainn (CET) agus cruthóidh sí pobal cleachtais a thacaíonn leis an bhfoghlaim leanúnach agus le comhroinnt deachleachtas ar fud an Aontais. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an oiliúint CET a thairgtear bunaithe ar riachtanais shainaitheanta a leathnú agus a bhainistiú, i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta don ardoideachas agus don ghairmoiliúint agus i gcomhréir le hionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe de réir mar a théann siad i bhfeidhm. Cuirfear oiliúint spriocdhírthe agus gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla ar fáil do na Ballstáit a bhfuil brú díréireach ar a gcórais tearmainn agus ghlactha, lena n-áirítear oiliúint struchtúrtha do bhaill na bhfoirne tacaíochta tearmainn agus don díorma um idirghabháil tearmainn. Ina theannta sin, déanfar gníomhaíochtaí oiliúna *ad hoc* a fhorbairt agus a sheachadadh mar fhreagairt ar iarrataí sonracha ó údaráis náisiúnta.




Fíor 4: [Tuarascáil Bhliantúil EUAA ar Oiliúint 2024](#)

Tabharfar aghaidh freisin leis na gníomhaíochtaí oiliúna bearnaí a sainathníodh trí shásra faireacháin EUAA. Forbrófar agus cuirfear oiliúint ábhartha ar fáil do shaineolaithe a bheidh páirteach i misean faireacháin, agus déanfar torthaí na bhfaireachán a aistriú go córasach ina bhfreagairtí oiliúna spriocdhírthe. Chun tacú leis na gníomhaíochtaí seo, neartóidh an Gníomhaireacht tuilleadh na faireacháin chun saineolaithe a roghnú agus a shaothrú a bhíonn páirteach i bpleanáil agus i seachadadh oiliúna thar thacaíocht bhuan, *ad hoc*, agus oibríochtúil.

Lasmuigh den Aontas, neartófar tacaíocht oiliúna do thíortha comhpháirtíochta mar chuid d'iarreachtaí fothaithe acmhainneachta faoi straitéis na Gníomhaireachta um chomhar seachtrach. Soláthrófar an tacaíocht sin laistigh de na creataí comhair atá ann cheana, agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí seanbhunaithe agus leis na hacmhainní atá ar fáil. Déantar comhoibriú ar ghníomhaíochtaí oiliúna, i gcás inarbh ábhartha, le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, gníomhaireachtaí an Cheartais agus na nGnóthaí Baile, UNHCR, IOM, Comhairle na hEorpa, agus líonraí agus eagraíochtaí oiliúna eile, an tsochaí shibhialta san áireamh.

Eolas agus faireachán ar thearmann



Fíor 5: [Tuarascáil Tearmainn 2025](#)

Trí tháirgí EUAA i réimse eolais an tearmainn, tá údaráis náisiúnta níos fearr feistithe chun cóineasú a mhéadú i gcinnteoireacht maidir le cosaint idirnáisiúnta, cinntí níos tapa a sholáthar agus aonfhoirmeacht i dálaí glactha a mhéadú.

I gcomhréir le cuspóir an Chomhshocraithe maidir le cóineasú a fheabhsú a thuilleadh, leanfaidh EUAA ag obair le Ballstáit chun anailísí comhchoiteanna agus treoir do thíortha a fhorbairt maidir le príomhthíortha tionscnaimh, bunaithe ar fhaisnéis faoi tír thionscnaimh EUAA. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh an Gníomhaireacht faisnéis agus anailís ar fáil freisin chun tíortha tionscnaimh sábháilte agus tríú tíortha sábháilte a ainmniú. Leanfar le malartú faisnéise a éascú trí shainlíonraí tíre, imeachtaí, agus uirlisí tiomnaithe, lena

n-áirítear córas fiosrúcháin maidir le faisnéis faoin tír thionscnaimh, deasc chabhrach um fhaisnéis leighis ón tír thionscnaimh agus tairseach lena gcuirtear faisnéis ar fáil maidir le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht cógas.

Chun feasacht staide agus ullmhacht a neartú, leanfaidh an Gníomhaireacht uirthi ag soláthar forléargas cuimsitheach agus cothrom le dáta ar staid tearmainn an Aontais, lena n-áirítear treochtaí, nósanna imeachta agus cleachtais i dtíortha an Aontais+. Áirítear leis seo bailiú sonraí caighdeánaithe, táirgeadh anailísí forásacha agus léargais

straitéiseacha, agus forbairt tuarascálacha téamacha agus *ad hoc*. Tacaíonn na gníomhaíochtaí sin le luathrabhadh, réamhaisnéis, cosc géarchéime agus planáil theagmhasach, rud a rannchuidíonn go díreach le cur chun feidhme an Chomhshocraithe. Leanfaidh an Gníomhaireacht freisin dá tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas a chur ar fáil.

Chun tacú le cáilíocht, cothroime agus éifeachtúlacht na nósanna imeachta tearmainn agus na gcóras glactha, déanfaidh EUAA caighdeáin, táscairí, treoracha praiticiúla, foilseacháin bhreithiúnacha agus uirlisí eile a fhorbairt tuilleadh, i gcomhar le saineolaithe na mBallstát agus, i gcás inarb ábhartha, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Déanfar measúnú ar ghlacadh agus ar thionchar na n-uirlisí sin, lena n-áirítear trí anailís a dhéanamh ar thagairtí sa chásdlí náisiúnta.

Ar deireadh, ó 2026 ar aghaidh, cuirfidh an Gníomhaireacht a clár faireacháin ilbhliantúil i bhfeidhm go hiomlán, tar éis cleachtaí pólótacha in 2025. Faoin timthriall cúig bliana seo, déanfar faireachán ar na Ballstáit uile maidir le cur i bhfeidhm teicniúil agus oibríochtúil CEAS. Déanfar an mhodheolaíocht faireacháin a athbhreithniú, de réir mar is gá, chun cur i bhfeidhm an Chomhshocraithe a léiriú.

Gníomhaíochtaí cothrománacha



Fíor 6: [Straitéis EUAA um Chomhar Seachtrach](#)

Tá an dea-rialachas fós lárnach maidir le barr feabhais riaracháin a bhaint amach. Leanfaidh EUAA de chórais rialaithe inmheánaigh, planáil straitéiseach agus tuairisciú a neartú, chomh maith le próisis bhainistíochta agus mheastóireachta.

Tá lucht oibre oilte agus rannpháirteach riachtanach chun cuspóirí na Gníomhaireachta a chomhlíonadh. Leanfar d'fhaireachán rialta a dhéanamh ar fholláine agus ar rannpháirtíocht na foirne trí shuirbhéanna tiomnaithe.

Déanfaidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha an sásra gearán a bhainistiú, tuairisceoidh sé nó sí go rialta don Bhord Bainistíochta, agus cuirfidh sé nó sí le trédhearcacht trí Thuarascáil Bhliantúil na

Gníomhaireachta ar Thearmann.

Neartóidh EUAA an comhoibriú freisin le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear tíortha comhpháirtíochta lasmuigh den Aontas, i gcomhordú leis na Ballstáit agus an Coimisiún, agus i gcomhréir le Rialachán EUAA agus le beartas caidrimh sheachtraigh an Aontais. Tacóidh oifigigh idirchaidrimh le rannpháirtíocht i mBallstáit agus, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, i dtíortha comhpháirtíochta. Comhordóidh an

Ghníomhaireacht go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaíochtaí cumarsáide, rannchuideoidh sí le hinsintí cruinne maidir le tearmann agus dídeanaithe, agus tabharfaidh sí aghaidh ar mhífhaisnéis.

